## Éifeachtúlacht an Bhoird agus an Rialachais

Thug Bord ÚÁS faoi fhéinmheasúnú bliantúil ina ndearnadh measúnú ar a fheidhmíocht féin i mí an Mhárta 2024.

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar a leanas:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** tá sé comhdhéanta de bheirt Comhaltaí Boird ar a laghad. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) aige tacú leis an mBord maidir lena freagrachtaí as saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus le hárachas gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an ARC go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an ARC: Caroline Barlow (Cathaoirleach), Michael A. O'Sullivan, agus John Evans. Bhí 4 chruinniú den CIR ann in 2024.

**2. Coiste Idirchaidrimh Feidhmíochta :** tá sé comhdhéanta de thriúr Comhaltaí Boird ÚÁS. Bunaíodh an Coiste Idirchaidrimh Feidhmíochta (PLC) i mí na Nollag 2022 agus tháinig sé le chéile dhá uair in 2024. Is é ról an PLC soláthar a dhéanamh do mheicníocht éifeachtach chun an HIA a éascú agus é ag breathnú ar fheidhmíocht POF an HIA; i gcomhar le Cathaoirleach an HIA, idirchaidreamh a dhéanamh leis an POF maidir leis sin; agus cuidiú le cuspóirí cuí a shocrú chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcuspóirí sin ar bhealach iomlán, éifeachtach agus trédhearcach. Soláthraíonn Cathaoirleach an Choiste Idirchaidrimh Feidhmíochta nuashonruithe tréimhsiúla do Bhord ÚÁS de réir mar is gá.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an PLC: Damien McShane (Cathaoirleach), John Armstrong, agus Michael O'Sullivan.

## Sceideal an Tinrimh, na dTáillí agus na Speansas

Tá sceideal an fhreastail ar chruinnithe de chuid ÚÁS agus na gcoistí do 2024 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach Comhalta:

| | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta & Riosca | Idirchaidreamh Feidhmíochta | Táillí 2024 € | Speansais 2024 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | 8 | 4 | 2 | | |
| **Patricia Byron** | 8 | - | - | 8,978 | 74 |
| **Dr John Evans** | 8 | 4 | - | - | - |
| **Caroline Barlow** | 8 | 4 | - | 5,985 | - |
| **Michael A.O'Sullivan** | 8 | 4 | 2 | 5,985 | 816 |
| **Damien McShane** | 8 | - | 2 | 5,985 | - |
| **John Armstrong** | 8 | - | 2 | 5,985 | - |
| **Michael Harnett** | 8 | - | - | 6,146 | - |
| | | | | **39,064** | **890** |

Ní bhfuair Comhalta Boird amháin, an Dr John Evans táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

## Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh Ray Dolan as a phost mar POF/Cláraitheoir eatramhach ar an 3 Meitheamh 2024, ceapadh Brian Lee mar POF/Cláraitheoir ar an 4 Meitheamh 2024.

In 2024, sholáthair BDO Seirbhísí Rúnaíochta an Bhoird faoi chonradh, ghníomhaigh Michelle Keane mar an Rúnaí Boird ó Eanáir 2024 go dtí an 21 Bealtaine 2024 agus ghníomhaigh Ursula Moran mar an Rúnaí Boird ón 22 Bealtaine 2024 go dtí mí Mheán Fómhair 2025. I mí Mheán Fómhair 2025 ceapadh Deirdre Coleman mar an Rúnaí Boird.

Athcheapadh beirt chomhaltaí Boird in 2024. Ní raibh aon athruithe eile ar bhallraíocht an Bhoird i dtréimhse na gcuntas ná sa tréimhse ó techníodh na cuntais sin.

## Nochtadh Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithiú gur chomhlíon an tÚdarás Árachais Sláinte ceanglais an Chóid. Éilítear na nochtuithe a leanas leis an gCód:

### Miondealú Sochair Gearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| Raon | | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | Go | 2024 | 2023 (athshonraithe) |
| €60,000 | - | €69,999 | 2 | 2 |
| €70,000 | - | €79,999 | 2 | - |
| €80,000 | - | €89,999 | 3 | - |
| €90,000 | - | €99,999 | 1 | 1 |
| €100,000 | - | €109,999 | - | - |
| €110,000 | - | €119,999 | 1 | - |
| €120,000 | + | | - | - |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, cuimsítear le sochair ghearrthéarmacha an fhostaí maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach gan ÁSPC an fhostóra san áireamh.

## Costais Sainchomhairleoireachta

San áireamh le costais chomhairleachta tá costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus níl feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe san áireamh leo.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Seirbhísí Tacaíochta Soláthair | 40,683 | 7,603 |
| Sainchomhairleoireacht | 18,049 | - |
| Comhairleoireacht Bhunachar Sonraí | 23,247 | 14,489 |
| | **81,979** | **22,092** |
| Costais Chomhairleachta arna gCaipitliú | - | - |
| Costais chomhairleachta curtha chun dochair Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim Choinnithe | 81,979 | 22,092 |
| **Iomlán** | **81,979** | **22,092** |

## Costais Dlí agus Socruithe

Níor deonaíodh aon chostais dlí ná níor íocadh aon shocraíochtaí le linn 2024 (2023: Nil)

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Intíre | 890 | **678** |
| Fostaithe na gComhaltaí Boird | 6,189 | **3,107** |
| **Iomlán** | **7,079** | **3,785** |

Ní raibh aon chaiteachas taistil idirnáisiúnta ann le linn 2024 agus 2023.

## Caiteachais Fáilteachais

Áirítear an caiteachas a leanas ar fháilteachas leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne agus na gcomhaltaí Boird | 4,494 | **2,103** |
| **Iomlán** | **4,494** | **2,103** |

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Comhlíon an tÚdarás Árachais Sláinte riachtanais an Chóid ar bhonn ábhartha, ach na heisceachtaí a leanas ann:

Chomhaontaigh ÚÁS leis an Roinn Sláinte dá chomhlíonadh Mhír

8.48 den Chód maidir le díospóidí a mhionathrú, i gcás go luaitear "i gcás go mbaineann díospóid dhlíthiúil le comhlacht Stáit eile, mura bhfuil sé riachtanach de réir reachta, ba cheart gach iarracht a dhéanamh idirghabháil nó eadráin a dhéanamh, nó í a réiteach ar bhealach eile sula dtabhófar costais dhlíthiúla arda. Ba cheart do chomhlachtaí Stáit tabhairt faoin gcur chuige is costéifeachtaí maidir le díospóidí dlíthiúla. Rinne ÚÁS an ceanglas a cháiliú trí "(seachas gnóthas cláraithe)" a chur isteach tar éis "comhlacht Stáit". Léirítear leis sin go gceanglaítear le hAlt 33B den Acht Árachais Sláinte go bhfeidhmeoidh an tÚdarás na feidhmeanna a bronnadh air faoin Acht seo nó leis an Acht seo ar bhealach a mbeidh sé ina thoradh air go gcaithfear go cothrom le gnóthais chláraithe in imthosca cosúla.

Chomhaontaigh ÚÁS leis an Roinn Sláinte a chomhlíonadh maidir le hAguisín C, an Creat le haghaidh Chód Iompair an Chóid, a mhionathrú i gcás ina moltar gur cheart go dtabharfaí faoi shaincheist na dílseachta le Cód Iompair ÚÁS trí aitheantas a thabhairt don fhreagracht as bheith dílseach don chomhlacht Stáit agus tiomanta go hiomlán dá chuid gníomhaíochtaí gnó agus é á choinneáil i gcuimhne nach mór don eagraíocht í féin leasanna an scairshealbhóra a thabhairt san áireamh i gcónaí. Tá sé luaite sa chuid chomhfhreagrach de Chód Iompair ÚÁS ...nach mór don eagraíocht i gcónaí riachtanais na reachtaíochta rialaithe dá chuid a thabhairt san áireamh", seachas leasanna an scairshealbhóra.

Chomhaontaigh ÚÁS an sainmhíniú ar Mhír 3.3 den Chód leis an Roinn Sláinte ina bhfuil sé luaite má thagann Comhalta Boird/Stiúrthóir ar fhianaise nach bhfuil aon oibleagáid reachtúil á comhlíonadh is infheidhme leis an gcomhlacht Stáit, cuirfidh sé/sí sin in iúl láithreach bonn do na Comhaltaí Boird/Stiúrthóirí eile dá chuid/cuid d'fhonn an t-ábhar a réiteach. Ba cheart don Chathaoirleach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Aire ábhartha agus (i) iarmhairtí neamhchomhlíontachta dá leithéid agus (ii) na bearta a glacadh nó a ghlacfar chun an staid a réiteach á léiriú aige. Is é an Cathaoirleach atá freagrach as a leithéid de shaincheisteanna a chur in iúl don Aire. Is é léirmhíniú ÚÁS ar an ceanglas sin ceanglas a bhaineann le neamhchomhlíontacht ábhartha ar bith.

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

**Caroline Barlow**
Ball

Dáta: 17 Nollaig 2025

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Árachais Sláinte (ÚÁS), admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a oibriú maidir le ÚÁS agus an Ciste um Chomhionannú Riosca. Leis an bhfreagracht sin tugtar riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an Córas Rialaithe Inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní absalóideach a sholáthar leis an gCóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go ceart agus go ndéantar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Tá an Córas Rialaithe Inmheánaigh, atá ag teacht le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in ÚÁS agus don REF don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag ÚÁS atá comhdhéanta de bheirt ar a laghad as na Comhaltaí Boird ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus an Cathaoirleach ina measc. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2024.

Fostaíonn ÚÁS Iniúchóir Inmheánach neamhspleách a oibríonn i gcomhréir leis an gCairt um Iniúchadh Inmheánach faofa agus tuairiscíonn sé don CIR. Faomhann an ARC Plean Iniúchta Inmheánaigh agus déantar é a athbhreithniú ar bhonn bliantúil. Forbraítear an Plean Iniúchta Inmheánaigh agus cur chuige bunaithe ar riosca á úsáid.

Shocraigh Bord ÚÁS inghlacthacht riosca na heagraíochta agus tá sé sin leagtha amach sa Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca. D'fhorbair an ARC Creat Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na Próisis Bhainistíochta Riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí ar róil agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an Beartas sin don fhoireann uile a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de Bheartais Bainistíochta Riosca ÚÁS, chun an lucht bainistíochta a chur ar a airdeall faoi rioscaí ag teacht chun cinn agus faoi laigí sna rialuithe agus chun a chur ar chumas na foirne freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Córas Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an ÚÁS lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí de chuid an lucht bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Is mír bhuan Bainistíocht Riosca ar chlár oibre an ARC agus Bord ÚÁS araon. Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an ÚÁS agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann Bord ÚÁS, trí huaire sa bhliain, athbhreithniú ar na príomhrioscaí go léir a shainaithnítear ar an gClár Rioscaí agus ar an bplean bainistíochta chun na rioscaí aitheanta a mhaolú. Cuirfear rioscaí a dhéantar a shainaithint ar feadh na bliana leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an Clár Riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú, agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d’fhoireann ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach próiseas príomhghnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na foirne bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbainistíochta agus Bord ÚÁS faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéis agus cumarsáide a áirithiú agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní ÚÁS a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal nuair atá freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta agus Bord ÚÁS athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.
- Maidir leis an REF, tá nósanna imeachta agus rialuithe chun dleacht stampa, íocaíochtaí éileamh agus cuntais bhainc a réiteach i bhfeidhm agus críochnaítear iad go tráthúil. Déanann an lucht ardbhainistíochta agus Bord ÚÁS athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht an chiste.
- Déanann ÚÁS athbhreithniú ar thorthaí iniúchtaí bliantúla na n-árachóirí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚÁS chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha. Rinne ÚÁS roinnt athbhreithnithe inmheánacha soláthair in 2024 agus chuir sé pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a eascródh astu sin. Sainaithníodh na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos in 2024.

## Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

### Soláthar Neamh-chomhlíontach

**Seirbhísí Meán** ................................................ €188,383

Cuireadh próiseas soláthair i bhfeidhm don tseirbhís sin in 2024. Mar gheall ar mhoill ar na seirbhísí sin a aistriú chuig an tairgeoir rathúil bhí an chuideachta sin ag íoc na gcostas sin ar feadh roinnt míonna, lasmuigh de théarmaí an chonartha.

**Seirbhísí Rúnaíochta** ................................................ €76,354

Cuireadh an conradh sin i bhfeidhm ar feadh 6 mhí in 2023, mar thoradh ar éirí as oifig na rúnaithe boird roimhe seo go gasta i ndiaidh a chéile (Nollaig 2022 agus Feabhra 2023). Síneadh an conradh sin de bharr neamhchomhlíonta in 2024 agus i gcuid de 2025. Tháinig deireadh leis na seirbhísí a bhí á soláthar ag an gcuideachta sin in 2025 agus cuireadh foireann ar conradh sealadach ina n-áit

**Seirbhísí Cuntasaíochta** ................................................ €57,887

Cuireadh síneadh bliana leis an gconradh sin lasmuigh de na síntí féideartha a cheadaítear faoi théarmaí an chonartha. Tháinig deireadh leis na seirbhísí a bhí á soláthar ag an gcuideachta sin in 2025 agus cuireadh foireann ar conradh sealadach ina n-áit.

**Seirbhísí Tacaíochta TF** ................................................ €59,317

Cuireadh síneadh leis an gconradh sin lasmuigh de na síntí féideartha a cheadaítear faoin gconradh. Tháinig deireadh leis na seirbhísí a bhí á soláthar ag an gcuideachta sin in 2025.

**Seirbhísí Bróicéara Árachais** ................................................ €41,045

Ní raibh a fhios ag ÚÁS go raibh próiseas tairisceana ar leith ag teastáil don tseirbhís bróicéireachta árachais, níor tháinig an cheist chun cinn go dtí R2 2025 in oiliúint soláthair a sholáthair ár gcomhairleoir soláthair seachtrach. Fógraíodh an conradh sin lena atairiscint in 2025 roimh athnuachan an árachais i mí Feabhra 2026.

**Seirbhísí Óstála Gréasáin** ................................................ €28,784

Níor éirigh lenár seirbhís óstála gréasáin i bpróiseas tairisceana nua, agus mar gheall ar mhoilleanna teicniúla maidir leis an tseirbhís a aistriú chuig an soláthraí nuacheaptha, rinneadh íocaíochtaí chun an suíomh gréasáin a choinneáil ar bun lasmuigh den chonradh.

**Seirbhísí Caidrimh Phoiblí** ................................................ €20,267

Síneadh an conradh sin lasmuigh de théarmaí an chonartha nuair a bhí an próiseas atairisceana ar siúl in 2024. D'éirigh leis an gcuideachta chéanna san atairiscint

**Iomlán ................................................ €472,036**

Cheap ÚÁS comhairleoir soláthair i ráithe 4 de 2023 chun cuidiú le soláthar neamhchomhlíontach a leigheas, bhí cuid den neamhchomhlíonadh maidir leis na conarthaí sin mar thoradh ar thréimhse dhian atairisceana agus rialáil ár gconarthaí.

Chuireamar clár soláthair i bhfeidhm, rinneamar ár bpróiseas faofa conarthaí a athnuachan, agus chuireamar coiste bainistíochta conarthaí ar bun go hinmheánach chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar chomhlíonadh conarthaí.

Níor sainaithníodh aon fhadhbanna substaintiúla rialaithe inmheánaigh maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca.

## Rialuithe Inmheánacha

Níor sainaithníodh aon laigí eile sna rialuithe inmheánacha a raibh nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu i ndáil le 2024.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Bord ÚÁS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca agus Rialaithe do ÚÁS agus do REF. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais le hobair na nInúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, agus an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den ÚÁS agus den REF atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Dearbhaím go ndearna Bord ÚÁS athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i ndáil le 2024.

- Maidir le REF i mí an Mhárta 2025 a d'fhaomh an Bord ag a chruinniú ar an 21 Márta 2025
- Agus maidir le ÚÁS i mí na Bealtaine 2025 a d'fhaomh an Bord ag a chruinniú ar an 23 Bealtaine 2025

Thar ceann Chomhaltaí Boird ÚÁS;

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Nollaig 2025

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás Árachas Sláinte

### Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1994. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairimse, nuair a fhágtar amach neamhchomhlíonadh an cheanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochar scoir dá dtagraítear thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102

— An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe (RA) agus i bPoblacht na hÉireann.

### An bonn do thuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

**Neamh-aitheantas ar dhliteanais phinsin fhabhraithe**

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás Árachas Sláinte cuntas ar a dhliteanas fabhraithe sochair scoir. Ní chomhlíonann sé seo FRS 102 lena n-éilítear go n-aithníonn na ráitis airgeadais an dliteanas fabhraithe iomlán ar an dáta tuairiscithe.

Mar a mhínítear i nóta 11 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, mheas an tÚdarás gur fiú €2.6 milliún an dliteanas i ndáil leis an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe (do bhaill foirne arna gceapadh roimh 2013) amhail an 31 Nollaig 2024. Coinníonn an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin (ón bhfostóir agus ó fhostaithe) de chuid chomhaltaí na scéime sin agus coinnítear mar chúlchiste iad agus úsáidtear iad chun íoc as pinsin de réir mar is gá. Aithnítear an t-iarmhéid sa chúlchiste sin mar sholáthar carntha le haghaidh pinsean (€2.5 milliún amhail an 31 Nollaig 2024).

**Bonn an iniúchta**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu go heisceachtúil.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Deirdre Quaid

**Deirdre Quaid**
Ar son agus thar ceann
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**22 December 2025**

# Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

## Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá chomhaltaí an Údaráis freagrach as an méid seo a leanas

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta 1994
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtachta
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur a i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 32 den Acht Árachais Sláinte 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D’fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaois nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois ná mar thoradh ar earráid, mar d’fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d’aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d’fhonn nósanna

imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara
- Bainim tátal maidir le hoiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus ar bhonn na fianaise iniúchta a aimsítear, maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht an Údaráis Árachais Sláinte leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tátail de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tÚdarás Árachas Sláinte in ann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, agus nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta de mo chuid.

Tuairiscím na nithe seo a leanas, trí eisceacht, más é mo thuairim é:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Leis an tuairim de mo chuid ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím tátal dearbhaithe ar bith ina leith..

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithním má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tátal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 31 Nollaig 2024 € | 31 Nollaig 2023 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 2 | 3,516,484 | **3,164,441** |
| Costais riaracháin | 3 | (3,758,561) | **(3,750,185)** |
| **Barrachas caiteachais thar ioncam** | | **(242,077)** | **(585,744)** |
| Ús infhála | 7 | 63,040 | **66,079** |
| Easnamh don bhliain | | **(179,037)** | **(519,665)** |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe ag tús na bliana | | 9,055,897 | **9,575,562** |
| **Cúlchistí ioncaim choinnithe ag deireadh na bliana** | | **8,876,860** | **9,055,897** |

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

**Caroline Barlow**
Ball

Dáta: 17 Nollaig 2025

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## An Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh oibriúcháin don bhliain | | (179,037) | (519,665) |
| Dímheas | 6 | 161,220 | 133,831 |
| Méadú ar fhéichiúnaithe | 8 | (236,969) | (320,394) |
| (Laghdú) / Méadú ar chreidiúnaithe | 9 | (15,517) | 90,982 |
| **Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(270,303)** | **(615,246)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceartú maidir leis an mbliain roimhe ar | | 35,916 | - |
| fhabhrú sin Ceartú ar Chaiteachas Caipitlithe | | 9,225 | - |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach | 6 | (108,929) | (189,090) |
| | | **(334,091)** | **(804,336)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe** | | | |
| Ús tuillte | 7 | (63,040) | (66,079) |
| Ús faighte | 7 | 63,040 | 66,079 |
| **Laghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **(334,091)** | **(804,336)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 7 | 10,008,521 | 10,812,857 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig | 7 | 9,674,430 | 10,008,521 |
| **Laghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **(334,091)** | **(804,336)** |

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

**Caroline Barlow**
Ball

Dáta: 17 Nollaig 2025

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 6 | 84,788 | 212,752 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 6 | 264,339 | 233,807 |
| | | **349,127** | **446,559** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 7 | 9,674,430 | 10,008,521 |
| Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile | 8 | 1,782,639 | 1,545,670 |
| | | **11,457,069** | **11,554,191** |
| | | | |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | 9 | **(2,929,336)** | **(2,944,853)** |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | | | |
| | | | |
| **Glánsócmhainní reatha** | | 8,527,733 | 8,609,338 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 8,876,860 | 9,055,897 |
| **Glansócmhainní** | | **8,876,860** | **9,055,897** |
| | | | |
| **Arna n-ionadú ag** | | | |
| Cúlchistí ioncaim choinnithe | | 8,876,860 | 9,055,897 |
| | | **8,876,860** | **9,055,897** |

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

Dáta 17 Nollaig 2025

**Caroline Barlow**
Ball

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

### Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" (FRS 102), de réir mar a mhionathraíodh iad le treoracha an Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir le treoracha ón Aire Sláinte, ní thugann ÚÁS míniú ar chostais na dteidlíochtaí aoisliúntais ach de réir mar a éiríonn siad iníoctha (féach an beartas cuntasaíochta maidir le Sochar Scoir thíos). Ní chomhlíontar FRS 102 leis an mbonn cuntasaíochta, lena n-éilítear gur cheart a leithéid de chostais a aithint sa bhliain in a ndéantar an teidlíocht a thuilleamh.

### Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta i gcomhréir le prionsabail na cuntasaíochta lena nglactar go ginearálta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais ÚÁS i láthair in euro (€), arb é airgeadra feidhmiúil ÚÁS chomh maith.

Is í tuairim ÚÁS nach bhfuil aon bhreithiúnais chriticiúla ann a bhfuil tionchar suntasach acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnta ag ÚÁS go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an eagraíocht chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann tamall fada. Dá bhrí sin, leanann ÚÁS le bonn an ghnóthais leanúnaigh a ghlacadh agus na cuntais airgeadais á n-ullmhú.

## Ioncam Tobhaigh

Is ionann an t-ioncam tobhaigh agus an méid infhála ag ÚÁS maidir leis an tréimhse. Tugtar san áireamh leis sin íocaíochtaí a dhéantar le ÚÁS i gcomhréir leis an Acht Árachais Sláinte 1994 arna leasú. Déantar réasúntacht an fhigiúir sin a sheiceáil i gcoinne an ioncaim ó thobhaigh lena bhfuiltear ag súil bunaithe ar phróifíl ÚÁS ar scéimeanna árachais sláinte phríobháidigh.

## Ioncam ó Ús

Aithnítear ioncam ó ús sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe agus ní dhéantar amhlaidh ach amháin má tá an t-ús sin iníoctha ar fhuascailt láithreach na príomhshuime agus gan pionóis airgeadais as aistarraingt luath i gcás taisce téarma.

## Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar an mbonn fabhraithe.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Tá trí aicme sócmhainní seasta inláimhsithe ag ÚÁS;

**Trealamh ríomhaireachta;** lena mbaineann trealamh TFC ardluacha (e.g. Freastalaí, Printéirí, etc.)

**Feistiú Oifige;** lena mbaineann an costas ar fheistiú oifigí ÚÁS i dTeach Beaux Lane in 2020 (e.g. Obair duchta, feistiú cistine, etc.), agus

**Feistis Oifige, Troscán agus Trealamh;** lena mbaineann an trealamh oifige inbhogtha (e.g. Deasca, Meaisín frainceála, etc.).

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas, a chuirtear chun dochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha measta, faoin mhodh dímheasa de réir mhodh an mhéid chothroim, ag an ráta bliantúil de 33 1/3% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus ag ráta 20% maidir le sócmhainní uile eile ó dháta a bhfála.

## Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Doláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas agus déantar iad a dhímheas de réir méid chothroim thar thrí bliana. Is éard atá sna sócmhainní doláimhsithe in ÚÁS den chuid is mó ná sócmhainní bogearraí féinfhorbartha, brandála agus TFC . Déantar na sócmhainní sin a chaipitliú nuair a bheidh siad forbartha agus seolta go sásúil agus déantar iad a

dhímheas ag ráta bliantúil 33 1/3% ón dáta críochnaithe. Ní dhéantar sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt a dhímheas.

## Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a chomhshó go Euro le linn na bliana agus cuirtear san áireamh iad leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don tréimhse.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a chomhshó go Euro ag rátaí malairte atá i réim ag dáta an tuairiscithe agus cuirtear gnóthachain agus caillteanais mar thoradh air sin san áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don tréimhse.

## An Ciste um Chomhionannú Riosca

Bunaíodh an Ciste um Chomhionannú Riosca (an Ciste) an 1 Eanáir 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012. Tá ÚÁS freagrach as an gCiste a choimeád agus a riar agus déanann sé costais a thabhaítear a fhorchúiteamh ón gCiste. Cuimsítear leis an mbonn le haghaidh costais a fhorchúiteamh leithroinnt iomlán na gcostas a bhaineann go díreach leis an gCiste agus leithroinnt pháirteach na gcostas a thabhaíonn ÚÁS de réir mar atá leagtha amach i **Nóta 14** de na ráitis airgeadais. Ullmhaíonn ÚÁS ráitis airgeadais ar leith don Chiste ar bhonn bliantúil.

## Sochair Scoir

Oibríonn ÚÁS dhá scéim pinsin: an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe (le haghaidh fostaithe roimh 2013) agus Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Tá fostaithe nua uile ÚÁS, ar iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, ina mbaill den Scéim Pinsin Aonair.

**a) Scéim Aoisliúntais Fostaithe**

I gcomhréir le hAlt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh ÚÁS, le toiliú an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a chruthú le haghaidh sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an ÚÁS.

Síníodh Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe ÚÁS (I.R. 637 de 2016) (an Scéim) an 21 Nollaig 2016. Tá na Rialacha atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin do Bhaill reatha Scéim Pinsean na Seirbhíse Poiblí a 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do na baill foirne nó ina leith, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir ÚÁS, de réir mar is iomchuí.

Tá na hasbhaintí ábhartha as tuarastail á ndéanamh ag ÚÁS, méideanna a choinníonn ÚÁS, ach nach aithnítear mar ioncam. Aithnítear na hasbhaintí sin mar shócmhainn airgid ar ár gclár Comhardaithe, agus aithnítear dliteanas comhionann mar sholáthar pinsin.

Tá soláthar á dhéanamh ag ÚÁS freisin do ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim ag ráta 25% de phá inphinsin. Aithnítear na ranníocaíochtaí sin mar chostas do ÚÁS mar a fheictear i nóta 4 a) leis na ráitis airgeadais. Aithnítear na ranníocaíochta sin mar shócmhainn airgid ar ár gclár Comhardaithe freisin, agus aithnítear dliteanas comhionann mar sholáthar pinsin.

Tá ÚÁS ag plé leis an Roinn Sláinte maidir le sásra cistithe pinsean ÚÁS. Is scéim aoisliúntais le sochar sainithe an Scéim do na fostaithe. Ar feitheamh thoradh an phlé sin, déantar na híocaíochtaí pinsin faoin scéim ón soláthar carntha pinsin (€2,507,754 amhail an 2024 Nollaig 2024 mar a thaispeántar i nóta 11).

Is é an dliteanas pinsin achtúireach don scéim aoisliúntais d'fhostaithe amhail an 31 Nollaig 2024 ná €2,600,000. Faoi threoir ón Aire Sláinte, ní dhearnadh soláthar do shochair iníoctha i mblianta le teacht. Mar thoradh air sin, níl an dliteanas pinsin breise, thar an €2,507,754 atá aitheanta cheana féin, léirithe sna ráitis airgeadais seo.

**b) Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí**

New Entrant staff employed by the HIA after 1 January 2013 are members of the Single Public Tá foireann nua arna fostú ag ÚÁS tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann ÚÁS na hasbhaintí riachtanacha as tuarastail le haghaidh na foirne atá ina cuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

In 2024: asbhaineadh €41,734 (2023: €14,252) ón na baill foirne maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus aistríodh é chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe. Mar thoradh air sin, ní aithnítear iad sin sna ráitis airgeadais seo.

In 2024: aisíocadh €125,203 (2023: €46,232) i ranníocaíochtaí fostóra chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PNF agus Athchóirithe freisin. Aithnítear iad sin mar chostas mar a fheictear i nóta 4 a) leis an staid airgeadais.

## 2. Ioncam

Déantar foráil in Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994, d'íocaíocht tobhaigh ioncaim ag gnóthais chláraithe le ÚÁS gach ráithe d'fhonn oibríochtaí ÚÁS a mhaoiniú agus chun soláthar imleor a dhéanamh do theagmhais. Leasaíodh an tobhach ioncaim le hIonstraim Reachtúil 528/2014, leis an Acht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh 2014, chuig a ráta reatha de 0.09% a bhí i bhfeidhm in 2023 agus in 2024.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Tobhach Ioncaim** | 3,014,601 | 2,734,796 |
| **Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha (Nóta 14)** | 501,883 | 429,645 |
| | **3,516,484** | **3,164,441** |

## 3. Costais riaracháin

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne **(Nóta 4)** | 1,473,332 | 1,284,891 |
| Costais oiliúna | 27,054 | 26,114 |
| Táillí Stiúrthóirí **(Nóta 4)** | 39,064 | 37,476 |
| Cíos, Muirir Seirbhíse agus Cothabháil | 319,166 | 313,236 |
| Comhairleacht **(Nóta 5)** | 485,237 | 506,337 |
| Árachas | 35,958 | 35,851 |
| Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta | 71,573 | 109,025 |
| Costais Riaracháin Eile | 134,301 | 103,000 |
| Faisnéis do Thomhaltóirí | 992,656 | 1,186,424 |
| Iniúchadh | 19,000 | 14,000 |
| Dímheas | 161,220 | 133,831 |
| | **3,758,561** | **3,750,185** |

Faightear costais riaracháin de €501,883 (2023: €429,645) ar ais maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca ón gCiste agus láimhseáiltear iad mar ioncam. Áirítear leis an bhfigiúr sin sciar REF de Chostais Tuarastal agus Foirne, Cíosa/Táillí Seirbhíse/Cothabháil, Costais Ríomhairí agus Stáiseanóireachta mar aon le Costais Riaracháin eile mar atá leagtha amach i Nóta 14

# 4. Luach Saothair

Is é cuspóir an nochtaithe ná faisnéis a sholáthar maidir le luach saothair i gcomhlachtaí Stáit, i ndáil leis an gcaiteachas iomlán a thabhaíonn an comhlacht Stáit agus socruithe luach saothair na príomhfhoirne, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir agus príomhbhainistíocht eile. Áirítear le sochair na bhfostaithe, de réir mar atá sainithe lei an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" (FRS 102), tuarastail agus costais phinsin, sochair um fhoirceannadh, sochair iar-fhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta um íocaíochtaí bunaithe ar scaireanna.

## Táillí Stiúrthóirí

Táillí iníoctha le comhaltaí baill aonair do 2024:

| Stiúrthóirí | Táillí 2024 € | Táillí 2023 € |
|---|---|---|
| Patricia Byron (Cathaoirleach) | 8,978 | 8,978 |
| Dr John Evans | - | - |
| Michael A. O’Sullivan | 5,985 | 5,985 |
| Damien McShane | 5,985 | 5,985 |
| Caroline Barlow | 5,985 | 4,558 |
| John Armstrong | 5,985 | 5,985 |
| Marcella Flood | - | 4,558 |
| Michael Harnett | 6,146 | - |
| **Iomlán** | **39,064** | **36,049** |

Ba iad na speansais a íocadh le comhaltaí boird in 2024 ná €890 (2023: €678).

## Luach Saothair na bhFostaithe

**a) Sochair Chomhlána Fostaithe**

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | 1,119,485 | 762,099 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe le hárachas sóisialta | 118,907 | 74,365 |
| Costas pinsin aoisliúntais an fhostóra **(Nóta 11)** | 57,517 | 85,709 |
| Costas pinsin fostóra Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (DPER) | | |
| Foireann ar conradh | 125,203 | 46,232 |
| **Iomlán** | **1,473,332** | **1,284,891** |

Ina theannta sin in 2024: asbhaineadh €25,159 (2023: €18,744) go díreach ó na baill foirne trí phá trí ranníocaíochtaí aoisliúntais breise agus íocadh leis an Roinn Sláinte é.

Ní aithnítear na híocaíochtaí sin sna cuntais seo.

B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe amhail deireadh na bliana an 31 Nollaig 2024 agus 17 FTE (2023): 17 FTE)

**(b) Tuarastail, Sochair Phinsin agus Ghearrthéarmacha na mball foirne**

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 1,119,485 | 762,099 |
| **Iomlán** | **1,119,485** | **762,099** |

Níor íocadh aon ragobair ná liúntais le baill foirne le linn 2024 agus 2023.

### (c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta in ÚÁS Comhaltaí Boird ÚÁS, an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir, an Ceann Oibríochtaí, an Ceann Rannpháirtíochta Tomhaltóirí agus Cumarsáide, Ceann an Chiste um Chomhionannú Riosca agus an Ceann Rialála agus Comhlíonta. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 497,392 | 350,892 |
| Foireann ar conradh | | 240,469 |
| **Iomlán** | **497,392** | **591,361** |

Níor íocadh aon Liúntais, Sochair Fhoirceanta ná Árachais Sláinte le baill foirne in 2024 agus 2023.

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Údaráis Árachais Sláinte nó de Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí agus ní shíntear a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí nó Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Faoi FRS 102, is ionann príomhphearsanra bainistíochta agus na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear stiúrthóir ar bith (bíodh stiúrthóir feidhmiúcháin nó stiúrthóir eile) den eintiteas sin.

### (d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh/an Chláraitheora

Seo a leanas pacáiste luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh/Chláraitheora don tréimhse airgeadais:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (d'éirigh sé as an 7 Iúil 2023) | - | 69,571 |
| Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach (d'éirigh sé as an 4 Meitheamh 2024) | 39,413 | 29,011 |
| Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (ceapadh é an 4 Meitheamh 2024) | 86,794 | - |
| **Iomlán** | **126,207** | **98,582** |

Fuair an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir speansais taistil agus chothaithe le haghaidh 2024 de €702. Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach aon speansais taistil agus chothaithe do 2024 nó 2023

Ní raibh an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach ina bhall den Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe

Tá an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir ina bhall den Scéim Aoisliúntais, agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin thar shochair na scéime sin. Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin san áireamh leis an méid thuas.

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir agus an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach aon pheorcaisí nó sochair in 2024.

## 5. Costais Sainchomhairleoireachta

| Directors | Táillí 2024 € | Táillí 2023 € |
|---|---|---|
| Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach | 56,811 | 58,174 |
| Seirbhísí Achtúireacha | 28,905 | 29,151 |
| Seirbhísí Dlíthiúla | 111,593 | 36,653 |
| Cumarsáidí | 54,277 | 44,588 |
| Taighde | 94,661 | 119,947 |
| Earcaíocht | 24,514 | 68,129 |
| Comhairleoireacht Bhunachar Sonraí | 23,247 | 14,489 |
| Tacaíocht Soláthair | 40,683 | 7,603 |
| Aoisliúntas | 10,955 | 816 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 1,705 | 1,732 |
| Comhairleacht Eacnamaíoch | 37,886 | 125,055 |
| | **485,237** | **506,337** |

# 6. Sócmhainn Neamhreatha

| | Trealamh Ríomhaireachta € | Feistis, Troscán & Trealamh Oifige € | Sócmhainní Bogearraí TF € | Feistiú Oifigí € | Sócmhainní Á bhFórbairt € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 145,946 | 133,568 | 333,442 | 432,046 | 233,807 | 1,278,809 |
| Breiseáin le linn na bliana | 196 | 1,317 | - | - | 107,416 | 108,929 |
| Rófhabhrú in 2023 | - | - | - | - | (35,916) | (35,916) |
| Aisiompú Costais Caipitlithe | - | - | - | - | (9,225) | (9,225) |
| Aistriú ó Sócmhainní atá Á bhForbairt | - | - | 191,224 | - | (191,224) | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | **146,142** | **134,885** | **524,666** | **432,046** | **104,858** | **1,342,597** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 106,023 | 88,545 | 333,442 | 304,240 | - | 832,250 |
| Muirear don bhliain | 17,777 | 25,291 | 31,743 | 86,409 | - | 161,220 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 123,800 | 113,836 | 365,185 | 390,649 | - | 993,470 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | **22,342** | **21,049** | **159,481** | **41,397** | **104,858** | **349,127** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **39,923** | **45,023** | **-** | **127,806** | **233,807** | **446,559** |

## Maidir leis an mbliain roimhe

| | Trealamh Ríomhaireachta € | Feistis, Troscán & Trealamh Oifige € | Sócmhainní Bogearraí TF € | Feistiú Oifigí € | Sócmhainní Á bhFórbairt € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 94,933 | 126,168 | 333,442 | 432,046 | 105,129 | 1,091,718 |
| Breiseáin le linn na bliana | 53,012 | 7,400 | - | - | 128,678 | 189,090 |
| Diúscairtí le linn na bliana | (1,999) | - | - | - | - | (1,999) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **145,946** | **133,568** | **333,442** | **432,046** | **233,807** | **1,278,809** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 84,934 | 64,211 | 333,442 | 217,831 | - | 700,418 |
| Muirear don bhliain | 23,088 | 24,334 | - | 86,409 | - | 133,831 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,999) | - | - | - | - | (1,999) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 106,023 | 88,545 | 333,442 | 304,240 | - | 832,250 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **39,923** | **45,023** | **-** | **127,806** | **233,807** | **446,559** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **9,999** | **61,957** | **-** | **214,215** | **105,129** | **391,300** |

D’fhorbair ÚÁS na sócmhainní uile i gcatagóir na sócmhainní bogearraí TF go hinmheánach, agus fad is a bheidh na sócmhainní sin á bhforbairt, taispeántar iad sa chatagóir Sócmhainní faoi Fhorbairt. Aicmítear an dá chatagóir sócmhainní mar shócmhainní doláimhsithe sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Aicmítear Trealamh Ríomhaireachta, Feistiú Oifige agus Troscán agus Trealamh Oifige mar shócmhainní Inláimhsithe sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

## 7. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim | 1,458,754 | 1,894,915 |
| Cuntas Bainc Taisce (pinsean) | 2,602,677 | 2,557,701 |
| Taiscí gearrthéarma | 5,612,999 | 5,555,905 |
| **Iomlán** | **9,674,430** | **10,008,521** |

### Nótaí Cisteáin GBCN

Cuimsítear le taiscí gearrthéarma infheistíochtaí i nótaí státchiste arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (CBCN). Is ionann nótaí státchiste agus nótaí úsmhara gearrthéarma. Is féidir farasbarr ioncaim, caipitil nó sochair eile a fhaightear nach bhfuil de dhíth láithreach chun críocha ÚÁS a infheistiú i nótaí státchiste.

Bíonn toradh seasta 1% in aghaidh na bliana ag baint le hinfheistíochtaí i Nótaí Státchiste GBCN agus maireann siad ar feadh téarmaí seasta 30-90 Lá.

Bhí Nóta Státchiste amháin coinnithe ag deireadh na bliana a raibh €5,612,999 ar an iomlán i gceist leis. Ba é €4,133 an t-ús a carnadh ar an nóta sin go dtí an 31 Nollaig 2024. Níor cuimsíodh é sin san fhigiúr úis infhála a thaispeántar sna Cuntais ar an mbonn nach mbeidh sé iníoctha go dtí go mbeidh an Nóta Státchiste aibithe. Is é €14,032 an t-ús a thuillfear ar an dáta aibíochta (4 Márta 2025).

Fuarthas €63,040 in ús le linn na tréimhse (2023: €66,079). Tá sé sin comhdhéanta d'ús a tuilleadh ar chuntas taisce bainc agus ús a tuilleadh agus a fuarthas ar an nóta státchiste.

## 8. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe eile

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Tobhaigh Fabhraithe | 777,484 | 682,071 |
| Ús Fabhraithe | 1,629 | - |
| Réamhíocaíochtaí | 58,492 | 98,839 |
| Féichiúnaithe Eile | 131,487 | - |
| An Ciste um Chomhionannú | 765,759 | 723,355 |
| Riosca Féichiúnaí Pinsin Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí | 47,788 | 41,405 |
| | **1,782,639** | **1,545,670** |

## 9. Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe agus fabhraithe trádála | 365,246 | 396,833 |
| Soláthar pinsin aoisliúntais **(Nóta 11)** | 2,507,754 | 2,510,989 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise | 2,220 | - |
| Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí | 14,909 | (1,468) |
| ÍMAT/ÁSPC | 33,234 | 29,609 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 5,531 | 7,321 |
| Cáin Bhreisluacha | 442 | 1,569 |
| | **2,929,336** | **2,944,853** |

## 10. Gealltanais faoi Léasanna Oibriúcháin

Chuaigh an ÚÁS isteach i léas 10 mbliana do na hoifigí i mí Dheireadh Fómhair 2019 do na hoifigí ag Teach Lána Beaux, Sráid Mercer Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Rinneadh ar an léas sin a athchaiblidliú i mí Dheireadh Fómhair 2024 ar chostas €220,000.

Ag deireadh na bliana, tá na gealltanais seo a leanas ag ÚÁS atá dlite mar a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| laistigh de 1 bhliain | 220,000 | 228,575 |
| Níos faide na bliain amháin ach laistigh de 5 bliana | 843,333 | 914,300 |
| Tráth nach déanaí ná 5 bliana | - | 190,479 |
| **Iomlán** | **1,063,333** | **1,333,354** |

## 11. Soláthar pinsin aoisliúntais d'fhostaithe

Seo a leanas an soláthar pinsin aoisliúntais carntha ag deireadh na bliana:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Ag tús na tréimhse | 2,510,989 | 2,439,533 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe (arna n-asbhaint as tuarastail) | 11,831 | 14,215 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra **(Nóta 4)** | 57,517 | 85,709 |
| Pinsin Íoctha | (30,622) | (28,468) |
| Aistriú chuig Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí i leith tréimhsí roimhe seo | | |
| Ceartú ar ranníocaíochtaí SF na mblianta roimhe seo | (15,488) | - |
| **Iomlán** | **2,507,754** | **2,510,989** |

Cuireadh comhalta ÚÁS a bhí incháilithe do scéim pinsin Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ar scéim aoisliúntais ÚÁS go mícheart in 2021. Mar thoradh ar athbhreithniú ar an scéim pinsin a rinneadh in 2023, sainaithníodh an earráid sin agus rinneadh bearta a chun é sin a rialtú. Rinneadh na híocaíochtaí pinsin chuí a athríomh agus mar thoradh air sin íocadh na híocaíochtaí EE agus scoir fostóra (SF) ábhartha i ndáil le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí le DPENDR agus aithníodh creidmheas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais a bhain leis an ró-íocaíocht roimhe seo ar ranníocaíochtaí pinsin scoir fostóra.

Is le haghaidh scéim pinsin aoisliúntais amháin atá an soláthar pinsin sa nóta seo agus ní chuimsíonn sé scéim pinsin Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Is é an dliteanas pinsin achtúireach don scéim aoisliúntais d'fhostaithe amhail an 31 Nollaig 2024 ná €2,600,000. Faoi threoir ón Aire Sláinte, ní dhearnadh soláthar do shochair iníoctha i mblianta le teacht. Mar thoradh air sin, níl an dliteanas pinsin breise, thar an €2,507,754 atá aitheanta cheana féin, léirithe sna ráitis airgeadais seo.

## 12. Gealltanais Chaipitiúla

Ní raibh aon ghealltanais ann maidir le caiteachas caipitiúil amhail an 31 Nollaig 2024.

## 13. Nochtadh Páirtí Gaolmhar

Ghlac ÚÁS nósanna imeachta i gcomhréir leis na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus chloígh ÚÁS leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí ÚÁS ina raibh leas ag comhaltaí Boird.

## 14. An Ciste um Chomhionannú Riosca

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, foráiltear do bhunú an Chiste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) ón 1 Eanáir 2013. Íocann árachóirí íocaíochtaí Dleachta Stampa le haghaidh beartas a thosaíonn nó a dhéantar a athnuachan ar an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead chuig an gCiste ina dhiaidh sin. Íocann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca, thar ceann na dtomhaltóirí, as an gCiste leis na gnóthais árachais sláinte. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith maidir leis an gCiste ar bhonn bliantúil. Tá ÚÁS freagrach as an gCiste a riar agus a choimeád.

Níl fostaithe ar bith ann atá fostaithe go díreach ag an gCiste. Ghearr ÚÁS costais iomlána de €765,759 (2023: €723,355) maidir leis an gCiste le haghaidh 2024 mar a leanas:

| Cineál an chostais | Méid iomlán arna athghearradh ar an gCiste | |
|---|---|---|
| | 2024 € | 2023 € |
| Costais tuarastail agus foirne | 295,120 | 266,910 |
| Cíos, muirir seirbhíse agus cothabháil | 95,978 | 72,795 |
| Costais ríomhaireachta agus stáiseanóireachta | 18,270 | 25,347 |
| Dímheas | 49,893 | 31,228 |
| Costais riaracháin eile | 42,622 | 33,365 |
| **Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha** | **501,883** | **429,645** |
| Costais a ghearrtar go díreach ar an gCiste | 264,261 | 293,710 |
| Ró-íocaíocht a rinneadh in 2024 le haghaidh 2023 | (385) | - |
| | **765,759** | **723,355** |

Ní thugtar cuntas ar chostais a ghearrtar go díreach ar an gciste laistigh de chaiteachas HIA, agus mar sin, níl aon cheanglas ar HIA ioncam comhfhreagrach a bhaineann leis na costais seo a aithint.

## 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord ÚÁS na Ráitis Airgeadais an 17 Nollaig 2025.

An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca don bhliain an 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

### Chuig an Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí an Achta Árachais Sláinte 1994 (arna leasú), cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca i láthair don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2024.

# Clár Ábhair

An Ráiteas maidir le Freagrachtaí ........ 70

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ........ 71–75

Ráitis Airgeadais ........ 76–89

## An Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Ceanglaítear ar an Údarás Árachas Sláinte (an tÚdarás) le hAlt 11D(8) den Acht Árachais Sláinte 1994 (arna leasú) (an tAcht) ráitis airgeadais a ullmhú maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca (an Ciste). Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, éilítear ar an Údarás:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;;
- A shonrú cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a léiriú, agus an éifeacht agus an chúis le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- Chun na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun gnó.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád lena mínítear agus lena dtaifeadtar idirbhearta an Chiste, lena gcumasaítear socrú sócmhainní, dliteanas agus staid airgeadais an Chiste le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus lena gcuirtear ar a chumas a áirithiú go gcomhlíontar Alt 11D(8) den Acht leis na ráitis airgeadais. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh le haghaidh calaois agus mírialtachtaí a bhrath agus a chosc.

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Nollaig 2025

**Caroline Barlow**
Ball

# An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
# An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Ciste Comhionannaithe Riosca

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste um Comhionannú Riosca arna n-ullmhú ag an Údarás Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 11D (9) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1994 (arna leasú). Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairimse, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe (RA) agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

## Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte na ráitis airgeadais i láthair mar aon le faisnéis áirithe a bhaineann le hoibriú an Chiste. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil an Údaráis, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu go heisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**19 Nollaig 2025**

# Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Údaráis Árachas Sláinte

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas freagrachtaí don Chiste, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as na nithe a leanas:

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 11D (8) den Acht
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtachta
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur a i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 11D(9) den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus tuairisc a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaois nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tátal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chiste leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tátail de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ciste in ann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena mbaintear léiriú cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta de mo chuid.

Tuairiscím na nithe seo a leanas, trí eisceacht, más é mo thuairim é:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Leis an tuairim de mo chuid ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím tátal dearbhaithe ar bith ina leith..

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithním má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tátal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | an 31 Nollaig 2024 €'000 | an 31 Nollaig 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Dleacht stampa | 2 | 833,494 | 792,270 |
| Ioncam Infheistíochta | 7 | 3,535 | 3,157 |
| **Ioncam Iomlán** | | **837,029** | **795,427** |
| **Caiteachas** | | | |
| Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca | 3 | 596,885 | 616,186 |
| Creidmheas úsáide ospidéil | 4 | 173,680 | 184,487 |
| Ciste Éileamh Ardchostais | 5 | 105,471 | 58,265 |
| Costais foirne agus costais eile | 6 | 767 | 724 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **876,803** | **859,662** |
| **Barrachas Caiteachais thar Ioncam** | | (39,774) | (64,235) |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | | **(39,774)** | **(64,235)** |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag tús na bliana | | 48,766 | 113,001 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag deireadh na bliana | | 8,992 | 48,766 |

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

**Caroline Barlow**
Ball

Dáta: 17 Nollaig 2025

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Taiscí gearrthéarma | 7 | 308,364 | 370,500 |
| Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim | | 111,557 | 19,513 |
| Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile | 8 | 225,036 | 236,737 |
| | | 644,957 | 626,750 |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 9 | (504,965) | (477,084) |
| Soláthar i leith Ciste Éileamh Ardchostais | 11 | (73,400) | (41,000) |
| Soláthar do Chreidmheasanna Úsáide Ospidéil | 10 | (57,600) | (59,900) |
| | | (635,965) | (577,984) |
| **Glansócmhainní** | | **8,992** | **48,766** |
| **Ag léiriú** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | **8,992** | **48,766** |

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Nollaig 2025

**Caroline Barlow**
Ball

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# An Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas ioncaim oibriúcháin thar chaiteachas don bhliain | | (39,774) | (64,235) |
| Ús Bainc a Fuarthas | 7 | (3,535) | (3,157) |
| Laghdú / (Méadú) ar fhéichiúnaithe | 8 | 11,701 | (14,753) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 9, 10 & 11 | 57,981 | 75,200 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **26,373** | **(6,945)** |
| **Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús bainc faighte | | 3,535 | 3,157 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | 3,535 | 3,157 |
| **Méadú (Laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **29,908** | **(3,788)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | 390,013 | 393,801 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | | 419,921 | 390,013 |
| **Méadú (Laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **29,908** | **(3,788)** |

**Patricia Byron**
Cathaoirleach

**Caroline Barlow**
Ball

Dáta: 17 Nollaig 2025

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

### Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" (FRS 102), á chomhlíonadh. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta i gcomhréir le prionsabail na cuntasaíochta lena nglactar go ginearálta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Chiste i láthair in euro ("€'000), arb é airgeadra feidhmiúil an Chiste freisin.

### Eolas Ginearálta

Leis an Acht Árachais Sláinte 1994, arna leasú leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, tugadh isteach comhionannú riosca trína bhfaighidh gnóthais chláraithe creidmheasanna i ndáil le haicmí áirithe daoine árachaithe ionas nach mbaileoidh siad préimh iníoctha i leith soláthar árachais sláinte don duine aonair. Rinneadh foráil san Acht 2012 do bhunú an Chiste.

Tá an tÚdarás freagrach as bunú, riarachán agus cothabháil an Chiste. Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú. Tá an tÚdarás freagrach as údarú agus faomhadh idirbhearta uile an Chiste. Tá sonraí maidir le córais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe an Údaráis leagtha amach sna Ráitis maidir le Rialuithe Inmheánacha agus maidir le Rialachas a nochtar i ráitis airgeadais an Údaráis.

Rinneadh foráil san Acht go n-íoctar gach dleacht stampála a íoctar de thairbhe Alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 maidir le conarthaí árachais sláinte a thosaíonn an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin isteach sa Chiste.

## Áirítear le híocaíochtaí as an gCiste:

- Creidmheas Préimhe um chomhionannú riosca - Faoin Acht, níl aon tionchar ag an leibhéal riosca a chruthaíonn tomhaltóir áirithe do ghnóthas cláraithe ar an bpréimh a íoctar. Gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine aonair faoi árachas le haghaidh plean áirithe, beag beann ar aois, inscne agus ar staid reatha a sláinte nó ar staid dhóchúil a sláinte sa todhchaí faoi réir ag eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, lascainí do bhaill i ngrúpscéimeanna, aosaigh óga agus ualuithe pobalrátaithe saoil. Déantar foráil sa Chiste go bhfaighidh gnóthais chláraithe préimheanna níos airde maidir le daoine scothaosta, agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil go ginearálta a árachú, agus go n-íocfar an méid níos airde mar chreidmheas préimhe comhionannaithe riosca ón gCiste. Athraíonn leibhéal.
- na gcreidmheasanna um chomhionannú riosca atá iníoctha ón gCiste maidir le préimheanna ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chumhdaigh. Creidmheas úsáide ospidéil - Faoin Acht, tá méid seasta iníoctha ón gCiste maidir le gach tréimhse a chaitheann duine faoi árachas i gcóiríocht in ospidéal príobháideach nó in ospidéal atá maoinithe go poiblí i gcás ina mbíonn muirear iníoctha faoi Alt 55 den Acht Árachais Sláinte 1970 maidir lena leithéid de thréimhse.
- Creidmheas Ciste Éileamh Ardchostais – Faoin Acht, ciallaíonn sé an méid atá comhionann le sciar cuóta éileamh ardchostais iolraithe faoin méid a sháraíonn an t-éileamh ardchostais tairseach an éilimh ardchostais.

I mí na Nollag 2020, thoiligh an Coimisiún Eorpach an Scéim um Chomhionannú Riosca a fhadú go dtí an 31 Márta 2022. Tugadh isteach athruithe reachtacha áirithe le linn 2022. Amhail an 31 Márta 2022, d'fhaomh an Coimisiún Eorpach leathnú agus síneadh na Scéime um Chomhionannú Riosca (RES) freisin don tréimhse an 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Márta 2027 (is tréimhse 4 bliana, 11 mhí, 30 lá é seo, gan an dáta deiridh san áireamh). Nuashonraíodh an RES freisin chun cineál creidmheasa nua ar a dtugtar an Creidmheas Ciste Éileamh Ardchostais (HCCP) a chur san áireamh.

Faoi alt 7F(1) den Acht, ceanglaítear ar gach soláthraí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn ráiteas ar a bhrabúis agus a chaillteanais agus a chlár comhardaithe maidir lena ghnó árachas sláinte a sholáthar don Údarás. Níor chuir RES 2016 rialacha sonracha ar fáil maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta ba cheart a úsáid, seachas a bheith i gcomhréir le "caighdeáin chuntasaíochta cheadaithe".

Thug an Rialtas isteach Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994 (Ráitis Airgeadais a Ullmhú) 2022. Leagtar síos leis na Rialacháin seo na rialacha a bhaineann le ráitis airgeadais a thugtar don Údarás de bhun alt 7F(1) den Acht. Thug siad isteach rialacháin chuntasaíochta chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht maidir leis an gcaoi a thuairiscigh gnóthais brabúis agus caillteanais chun críocha ráitis airgeadais a mheasúnú le haghaidh róchúitimh.

Léiríonn na Cuntais seo cur i bhfeidhm fhorálacha an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2021, arna thacú ag an Acht Árachais Sláinte 2022 agus Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994 (Ráitis Airgeadais a Ullmhú) 2022 (I.R. Uimh. 146 de 2022), nuair is infheidhme.

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) agus Sláinte (Táirgí Meanapáis a Sholáthar) 2024 an 11 Samhain 2024 agus nuashonraíodh paraiméadair na Scéime um Chomhionannú Riosca leis.

Leasaítear leis an Acht sin an tAcht Árachais Sláinte 1994 chun méid na préimhe atá le híoc ón gCiste um Chomhionnanú Riosca a shonrú i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2025 agus leasaítear an sainmhíniú atá san Acht sin ar éileamh ardchostais. Leasaítear leis freisin an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 le héifeacht ón 1 Aibreán 2025.

Leasaítear Alt 7 den Acht (Leasú) 2024 le hAlt 6A d'Acht 1994 trína ndéantar nuashonrú ar an sainmhíniú ar "éileamh ardchostais". I bhfo-alt 7(1)(b), soláthraítear sainmhíniú ar cad is brí le "drugaí atá ceadaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Sainmhínítear incháilitheacht costais drugaí atá ceadaithe ag FSS le dáta éifeachtach an 1 Aibreán 2022, an dáta ar tugadh isteach creidmheas an Chiste Éileamh Ardchostais (HCCP). Is é tionchar an leasaithe sin go méadófar costais drugaí incháilithe lena gcuimsiú in Éilimh HCCP. Tá tionchar an athraithe reachtaigh sin léirithe sna Cuntais seo.

## Tréimhse Chuntasaíochta

Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

## Ioncam

Aithnítear ioncam ó Dhleacht Stampa sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais ábhartha, a nglactar leis gur dhá mhí dhéag é i ngach cás. Íocann gnóthais chláraithe dleacht stampa ar pholasaithe a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampa isteach sa Chiste ansin. Déantar fáltais an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú chun na nithe a leanas a thabhairt san áireamh:

- Dleacht stampa fabhraithe arb ionann é agus dleacht stampa gan íoc atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana agus a léiríonn méideanna atá iníoctha ag gnóthais chláraithe i ndáil leis an ráithe dheiridh den bhliain airgeadais. Taifeadtar an méid sin atá dlite mar fhéichiúnaí de chuid an Chiste.
- Is ionann dleacht stampa iarchurtha agus an cion measta den dleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a bhí fabhraithe ag deireadh na bliana a bhaineann le téarma neamheágtha na gconarthaí árachais ábhartha ar an dáta tuairiscithe. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampála neamhthuillte ag an dáta tuairiscithe (féach **Nóta 9** – Creidiúnaithe agus Fabhruithe).
- Déantar cuntas ar ús a thuilltear ar infheistíocht barrachais Chistí REF nuair a fhaightear é. Tagann an t-ús go léir a thuilltear sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ó Nótaí Státchiste a ceannaíodh ó GBCN.

## Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir mar a thabhaítear é.

## Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca

Tugtar cuntas ar chreidmheas préimhe comhionannaithe riosca ar bhonn fabhraithe. Éilíonn gnóthais chláraithe creidmheas préimhe comhionannaithe riosca ón gCiste ar bhonn míosúil.

Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Na méideanna arna n-éileamh agus atá iníoctha le gnóthais chláraithe nach bhfuil íoctha ag an dáta tuairiscithe.
- Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca nach dtaifeadtar mar chaiteachas - íocann mórchuid na ndaoine polasaithe árachais trí thráthchodanna míosúla nó ar bhonn bliantúil roimh ré. Cláraítear costais ar chreidmheasanna a éilítear maidir le tráthchodanna míosúla sa mhí lena mbaineann an t-éileamh mar chaiteachas. Taifeadtar creidmheasanna a éilítear maidir le polasaithe a íoctar ar bhonn bliantúil roimh ré mar chaiteachas go haonfhoirmeach thar dhá mhí déag an chonartha. Ag an dáta tuairiscithe aithnítear aon mhéideanna a íocadh le gnóthais chláraithe nach ndearnadh a thaifeadadh mar chaiteachas mar fhéichiúnaí (Féach **Nóta 8** – Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile).

## Creidmheas úsáide ospidéil

Tugtar cuntas ar chreidmheas úsáide ospidéil ar bhonn fabhraithe. Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Suimeanna arna n-éileamh ag na gnóthais chláraithe agus atá iníoctha leo nár íocadh ar an dáta tuairiscithe.
- Soláthar i leith creidmheas úsáide ospidéil a thugann chun cinn i leith eipeasóidí ospidéil a tharla sa bhliain airgeadais ach nach raibh éilithe ag gnóthais chláraithe ag deireadh na bliana.

Glactar leis sa soláthar go bhfuil líon na n-oícheanta agus na laethanta i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn cur san ospidéal go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. Féadfaidh an tréimhse socraithe le haghaidh éilimh ospidéil a bheith an-éagsúil. D’fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin go ndéanfadh gnóthais chláraithe éileamh ar chreidmheas úsáide ospidéil bliain nó níos mó i ndiaidh eipeasóid ospidéil.

- Coigeartú maidir le soláthar gann nó ró-sholáthar do chreidmheasanna nár éilíodh maidir le blianta airgeadais roimhe atá fós amuigh ag an dáta tuairiscithe.

## Ciste Éileamh Ardchostais

Tugtar cuntas ar an gCiste Éileamh Ardchostais, a tugadh isteach in 2022, ar bhonn fabhraithe. D'fhonn an méid le haithint mar chaiteachas sa bhliain airgeadais a chinneadh, déantar na híocaíochtaí ón gCiste a choigeartú chun na nithe a leanas a thabhairt san áireamh:

- Na méideanna arna n-éileamh agus atá iníoctha le gnóthais chláraithe nach bhfuil íoctha ag an dáta tuairiscithe.
- Foráil d'éilimh ardchostais a eascraíonn as éilimh ardchostais a tharla sa bhliain airgeadais ach nach raibh éilithe ag gnóthais chláraithe ag deireadh na bliana. Glactar leis san fhoráil go bhfuil éilimh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn cur san ospidéal go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. D'fhéadfadh an tréimhse socraithe le haghaidh éileamh ardchostais a bheith an-éagsúil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh gnóthais chláraithe éileamh a dhéanamh ar éileamh ardchostais bliain nó níos mó i ndiaidh imeacht ospidéil.
- Coigeartú maidir le soláthar gann nó ró-sholáthar do chreidmheasanna nár éilíodh maidir le blianta airgeadais roimhe atá fós amuigh ag an dáta tuairiscithe.

## Breithiúnais agus Meastacháin um Chuntasaíocht Chriticiúla

Trí ullmhúchán na ráiteas airgeadais éilítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh ag a bhfuil tionchar ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ba cheart go mbeadh leibhéal na gcúlchistí maidir le héilimh sa todhchaí chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr agus ba cheart i gcónaí go mbeadh siad imleor chun dliteanais ar bith a chumhdach a thagann chun cinn maidir le babhtaí ospidéil atá le héileamh fós chomh fada agus is féidir a réamh-mheas go réasúnta. Déantar an soláthar creidmheasa úsáide ospidéil (HUC) agus soláthar an Chiste Éileamh Ardchostais (HCCP) a ríomh bunaithe ar chomhairle achtúireach neamhspleách agus roinnt teicnící achtúireacha lena nglactar go ginearálta á n-úsáid chun teacht ar an meastachán láir agus ar réimse meastachán réasúnta. Tá an soláthar atá taifeadta sna ráitis airgeadais ar a laghad chomh láidir leis an meastachán is fearr arna bhaint trí mhodhanna achtúireacha lena nglactar go ginearálta a úsáid móide lamháil neamhchinnteachta de 10%. Rinneadh an lamháil neamhchinnteachta de 10% a threorú ag leibhéal na neamhchinnteachta sa soláthar agus ag na neamhchinnteachtaí sa timpeallacht éileamh.

Is beart neamhchinnte é an próiseas íocaíochtaí HUC agus HCCP amach anseo a mheas mar gheall ar nádúr randamach na n-éileamh. Agus dliteanais amach anseo á réamh-mheas bunaithe ar thaithí san am a chuaigh thart, tugtar isteach gné suibiachtúlachta gan amhras. Tugadh an HCCP isteach sa RES den chéad uair i mí Aibreáin 2022 agus tá teorainn le héilimh go dtí seo. D'fhéadfadh nádúr an HUC agus an HCCP dochar a dhéanamh d'fhorbairt sa todhchaí trí fhorbairt na n-éileamh éagsúil i dtaca le taithí stairiúil. Braitheann réamh-mheastacháin barrachais/easnaimh sa todhchaí ar imeachtaí teagmhasacha amach anseo agus bíonn tionchar ag go leor cúinsí eile orthu, lena n-áirítear Iompar ospidéil, Iompar árachóirí, Tinneas agus Luaineachtaí randamacha mar gheall ar an stair réasúnta teoranta. Is cúinsí iad foinsí áirithe éiginnteachta sa soláthar amhail an 31 Nollaig 2024 a bhaineann le hathruithe ar chothromaíocht an phobail: úsáid ospidéal príobháideach, céatadán méadaithe de chásanna lae, tionchar phaindéim domhanda COVID-19 agus cibirionsaí FSS ar úsáid ospidéal, agus tarscaoiltí.

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) agus Sláinte (Táirgí Meanapáis a Sholáthar) 2024 an 11 Samhain 2024 agus nuashonraíodh paraiméadair na Scéime um Chomhionannú Riosca leis.

Leasaítear leis an Acht sin an tAcht Árachais Sláinte 1994 chun méid na préimhe atá le híoc ón gCiste um Chomhionnanú Riosca a shonrú i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2025 agus leasaítear an sainmhíniú atá san Acht sin ar éileamh ardchostais. Leasaítear leis freisin an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 le héifeacht ón 1 Aibreán 2025.

## 2. Ioncam

Íocann gnóthais chláraithe íocaíochtaí dleachta stampála maidir le polasaithe a thosaíonn nó a dhéantar a athnuachan an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncam agus aistríonn siad an t-airgead go dtí an Ciste ina seal féin.

| | **2024<br>€'000** | **2023<br>€'000** |
|---|---|---|
| Dleacht stampála arna híoc leis an gCiste | 828,340 | 798,439 |
| Gluaiseacht um dhleacht stampála infhála sa bhliain | (4,361) | 16,703 |
| Gluaiseacht dleachta stampála iarchurtha sa bhliain | 9,515 | (22,872) |
| | **833,494** | **792,270** |

## 3. Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le gnóthais chláraithe | 596,110 | 613,206 |
| Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca atá iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláraithe sa bhliain | (6,565) | 1,031 |
| Gluaiseacht um chreidmheas préimhe um chomhionannú riosca nach bhfuil taifeadta mar chaiteachas sa bhliain | 7,340 | 1,949 |
| | **596,885** | **616,186** |

## 4. Creidmheas úsáide ospidéil

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le gnóthais chláraithe | 174,006 | 177,224 |
| Creidmheas úsáide ospidéil atá iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláraithe sa bhliain | 1,974 | 363 |
| Gluaiseacht um sholáthar creidmheasa úsáide ospidéil sa bhliain | (2,300) | 6,900 |
| | **173,680** | **184,487** |

## 5. Ciste Éileamh Ardchostais

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le gnóthais chláraithe | 31,127 | 14,465 |
| Éilimh ardchostais iníoctha le gnóthais chláraithe sa bhliain | 41,944 | 24,000 |
| Soláthar éileamh ardchostais sa bhliain | 32,400 | 19,800 |
| | **105,471** | **58,265** |

## 6. Costais foirne agus costais eile

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais athghearrtha an Údaráis Árachais Sláinte** | | |
| Costais tuarastail agus foirne | 274 | 252 |
| Costais oiliúna | 9 | 6 |
| Táillí Stiúrthóirí | 12 | 9 |
| Cíos, muirir seirbhíse, agus cothabháil | 96 | 73 |
| Árachas | 9 | 7 |
| Costais ríomhaireachta agus stáiseanóireachta | 18 | 25 |
| Costais riaracháin eile | 34 | 27 |
| Dímheas | 50 | 31 |
| | **502** | **430** |
| **Costais arna ngearradh go díreach ar an gCiste:** | | |
| Iniúchadh | 10 | 9 |
| Cuntasaíocht | 56 | 77 |
| Achtúireach | 165 | 161 |
| Dlíthiúil | 3 | 2 |
| Comhairleacht Eacnamaíochta | - | 26 |
| Tacaíocht TFC | 11 | - |
| Earcaíocht | 12 | - |
| Cigireachtaí | - | 14 |
| Árachas | 7 | 4 |
| | **264** | **293** |
| **Costais arna dtabhú go díreach ag an gCiste:** | | |
| Táillí Bainc | 1 | 1 |
| | **767** | **724** |

## 7. Taiscí gearrthéarma

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Nótaí Cisteáin GBCN** | **308,364** | **370,500** |

- Cuimsítear le taiscí gearrthéarma infheistíochtaí i nótaí státchiste arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (CBCN). Is ionann nótaí státchiste agus nótaí úsmhara gearrthéarma. Tá farasbarr ioncaim, caipitil nó sochair eile a fhaightear nach bhfuil de dhíth láithreach chun críocha an Chiste infheistithe i nótaí státchiste.
- Bíonn toradh seasta 1% in aghaidh na bliana ag baint le hinfheistíochtaí i Nótaí Státchiste GBCN agus maireann siad ar feadh téarmaí seasta 30-90 Lá go ginearálta.
- Bhí dhá Nóta Státchiste coinnithe ag deireadh na bliana a raibh €308,363,699 ar an iomlán i gceist leo. B'ionann an t-ús a carnadh ar na Nótaí sin go dtí an 31 Nollaig 2024 agus €73,371, suim nár cuimsíodh san fhigiúr Úis a Fuarthas a thaispeántar sna Cuntais ar an mbonn nach mbeidh sé iníoctha go dtí go mbeidh an Nóta Státchiste aibithe. Is é €326,004 an t-ús a thuillfear ar na dátaí aibíochta (20 Eanáir 2025 agus 28 Feabhra 2025).
- Fuarthas €3,534,617 in ús le linn na tréimhse (2023: €3,157,138).

## 8. Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca nach dtaifeadtar mar chaiteachas | 44,694 | 52,034 |
| Dleacht stampála fabhraithe infhála | 180,342 | 184,703 |
| | **225,036** | **236,737** |

## 9. Creidiúnaithe agus fabhruithe

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Dleacht stampa iarchurtha | 313,980 | 323,495 |
| Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca iníoctha | 91,711 | 98,276 |
| Creidmheas úsáide ospidéil iníoctha | 30,798 | 28,824 |
| Ciste Éileamh Ardchostais Iníoctha | 67,710 | 25,766 |
| An tÚdarás Árachas Sláinte | 766 | 723 |
| **Iomlán** | **504,965** | **477,084** |

## 10. Soláthar do Chreidmheasanna Úsáide Ospidéil

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 59,900 | 53,000 |
| A tháinig chun cinn le linn na bliana | 174,625 | 184,486 |
| Arna n-úsáid le linn na bliana | (176,925) | (177,586) |
| **Ag deireadh na bliana** | **57,600** | **59,900** |

## 11. Ciste Éileamh Ardchostais Iníoctha

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 41,000 | 21,200 |
| A tháinig chun cinn le linn na bliana | 105,458 | 58,266 |
| Arna n-úsáid le linn na bliana | (73,058) | (38,466) |
| **Ag deireadh na bliana** | **73,400** | **41,000** |

## 12. Staid Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca

De réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, ba é €8.99m (2023: €48.77m) suim an bharrachais choinnithe. Tugtar aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn maidir le tréimhse conartha san am atá caite agus tréimhse reatha san áireamh nuair a dhéantar moltaí don Aire maidir le creidmheasanna um chomhionannú riosca agus dleacht stampála.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €420m sa Chiste (2023: €390m).

## 13. Nochtadh Leasanna

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Chiste ina raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis.

## 14. Imeachtaí Tar Éis na Tréimhse Tuairiscithe

Ní raibh aon imeachtaí ann i ndiaidh na Tréimhse Tuairiscithe a raibh tionchar acu ar na Ráitis Airgeadais seo.

## 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 17 Nollaig 2025.